

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

Tuairisc

Ainm na scoile / School name	Gaelcholáiste Chiarraí
Seoladh na scoile / School address	Tobar Mhaigh Dor Trá Lí Co Chiarraí
Uimhir rolla / Roll number	70560K

Dáta na Meastóireachta: 28-09-2017



This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

Cad is meastóireacht scoile uile - bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim ann?

Déanann Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i scoil. Dearbhaítear léi dea-chleachtas agus déantar moltaí, nuair is cuí, chun cuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar an soláthar oideachais sa scoil.

Conas an tuairisc seo a léamh

Le linn na cigireachta seo, rinne na cigirí meastóireacht agus tuairisciú faoi na ceannteidil nó faoi na réimsí fiosrúcháin seo a leanas:

1. Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta scoile
2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
3. Cur i bhfeidhm na moltaí ó mheastóireachtaí roimhe seo
4. Próiseas féinmheastóireachta na scoile agus an acmhainn d'fheabhsúchán scoile

Déanann na cigirí cur síos ar an gcáilíocht a bhaineann le gach ceann de na réimsí sin agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar leathanach deiridh na tuairisce seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile i ngach réimse. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

MEASTÓIREACHT SCOILE UILE – BAINISTÍOCHT, CEANNAIREACHT AGUS FOGHLAIM

Dátaí na cigireachta	28-09-2017
Gníomhaíochtaí cigireachta a rinneadh Cruinniú leis an mBord Bainistíochta Cruinnithe leis an bpríomhoide agus príomhoide tánaisteach Cruinnithe le príomhbhaill foirne Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha Agallamh le fócasghrúpa scoláirí	Cruinniú le tuismitheoirí Anailís ar cheistneoirí ó thuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí Breathnú ar theagasc agus foghlaim Scrúdú ar obair na scoláirí Aiseolas don fhoireann bhainistíochta sinsearaí, bord bainistíochta agus múinteoirí

Comhthéacs na scoile

Bunaíodh Aonad lánGhaeilge ceangailte le máthairscoil i 1984 chun oideachas dara leibhéal trí Ghaeilge a chur ar fáil do cheantar Thrá Lí. Fuair an tAonad aitheantas mar scoil neamhspleách i 1989. Is scoil il-shainchreidmheach í Gaelcholáiste Chiarraí a fheidhmíonn faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOOC) le rollúchán reatha de 353 scolaire. Tagann céadchodán suntasach scoláirí ó bhunscoileanna Béarla ach freastalaíonn an scoil go príomha ar thrí ghaelscoil fhriothálach i dtuaisceart Chiarraí.

Achoimre ar na príomhchinntí agus moltaí:

Cinntí

- Tugann an bord ceannaireacht mhaith do chur i bhfeidhm an ráiteas misin maidir le hoideachas cuimsitheach dara leibhéal trí Ghaeilge a chur ar fáil i gCiarraí thuaidh ach tá easnaimh áirithe le sonrú i gcúrsaí pleanála scoile.
- Tá cáilíocht obair na bainistíochta shinsearaigh nuacheaptha ag leibhéal an-mhaith go dtí seo, maidir le príorachtaí forbartha agus feabhsúcháin a aithint agus a fhorbairt.
- Tá an tacaíocht do scoláirí ag leibhéal an-mhaith ar an iomlán ach níl croífhoireann do riachtanais speisialta oideachais (RSO) cruthaithe go fóill.
- Bhí cáilíocht an teagaisc sa raon idir go maith agus an-mhaith i bhformhór na gceachtanna le roinnt ceachtanna ina raibh scóip chun feabhais go háirithe mar a bhain sé le guth agus rannpháirtíocht na scoláirí san fhoghlaim a chur chun cinn.
- Tá tús maith inmholta curtha le próiseas na féinmheastóireachta scoile agus léiríodh oscailteacht i measc na foirne agus na bainistíochta d'fhorbairt an phróisis amach anseo.
- Rinneadh dul chun cinn maith maidir le cur i bhfeidhm moltaí ó mheastóireachtaí roimhe seo ach tá obair le déanamh fós maidir le scoláirí a bheith níos rannpháirtí ina gcuid foghlama agus croífhoireann RSO a bhunú.

Moltaí

- Ní mór don bhord bainistíochta ceannaireacht a thabhairt maidir le cur le chéile plean scoile, plean don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) san áireamh, agus forbairt plean gairmiúil leanúnach don fhoireann.
- Ba chóir croífhoireann RSO a chur le chéile a luaithe agus is féidir d'fhonn tacaíocht dhírithe chuí ar chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil gá acu leis, bunaithe ar an deachleachtas luaite in imlitir 0014/2017.

- Ba cheart go ndéanfaí cúrsaí litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt tuilleadh tríd an bpróiseas féinmheastóireacht scoile (FMS).
- Is gá guth na scoláirí a fhorbairt agus a rannpháirtíocht ghníomhach i bpróiseas na foghlama a láidriú trí úsáid réimse modheolaíochtaí teagaisc agus cuir chuige éifeachtacha a thacóidh leis na haidhmeanna sin a bhaint amach.

MIONCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

1 CÁILÍOCHT NA CEANNAIREACTH AGUS NA BAINISTÍOCHTA SCOILE

Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc

Tá príomhoide agus príomhoide tánaisteach nuacheaptha sa scoil. Go dtí seo, tá cáilíocht obair cheannaireachta na bainistíochta shinsearaigh ag leibhéal an-mhaith. Tá an bhainistíocht shinsearach tar éis liosta cuimsitheach tosaíochtaí agus réimsí forbartha a aithint agus tá obair tosaithe cheana féin i go leor de na réimsí seo: feabhsú pleanáil ábhair, béim bhreise ar fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta, béim ar lonnú príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí nua sna ceachtanna, plean feabhsúcháin nua a fhorbairt bunaithe ar an bpróiseas FMS, an córas tacaíochta RSO a fhorbairt agus feachtas tras-scoile chun na Gaeilge a spreagadh mar theanga bheo. Tá sé i gceist chomh maith tabhairt faoi fhorbairt foirne maidir le feabhsú na cumarsáide, forbairtí digiteacha a thabhairt isteach le bogábhar nua, tacaíocht ar leith a chur ar fáil do mhúinteoirí nua agus córas ionductaithe a sholáthar. Cuirfear foghrúpaí le chéile i measc na foirne chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm straitéisí agus cuir chuige nua. Tá fíis shoiléir ag an mbainistíocht shinsearach faoi na réimsí oibre ar gá a bhrú ar aghaidh láithreach. Cuireann BOOC tacaíocht shuntasach ar fáil don fhoireann agus do phobal na scoile.

Cuirtear curaclam leathan ar fáil do scoláirí laistigh d'acmhainní teoranta na scoile. Déanfar an curaclam a leathnú nuair a bhogann an scoil go dtí an foirgneamh nua réamhbheartaithe i 2020.

Leagadh béim ar leith ar phleanáil ábhair ag tús na scoilbhliana seo agus tá tús maith curtha leis an bhforbairt in ábhair áirithe. Tá teimpléid chomónta in úsáid in áiteanna agus comhordaitheoir ainmnithe ar na ranna ábhair. Is dea-chleachtais iad seo. Tá córas digiteach á fhorbairt chun cabhrú leis an bhfoireann rochtain a fháil ar na pleananna ábhair agus iad a choinneáil suas chun dáta agus a leasú de réir mar is gá. Tá sé i gceist taifid rialta a choinneáil ar chruinnithe ranna ábhair agus teimpléid chomónta a úsáid d'fhonn a chinntiú go bhfuil freagrachtaí foirne agus cinntí a glacadh soiléir. Moltar go mbeadh na scéimeanna curaclaim mar dhoiciméad oibre chun cabhrú le múinteoirí pleanáil a dhéanamh ar a gcuid oibre agus dea-chleachtas agus smaointí nua a roinnt.

Tá an scoil tiomanta do thacaíocht chuí a chur ar fáil do na scoláirí uile. Réimse chun forbartha is ea struchtúr na tacaíochta do Riachtanais Oideachais Speisialta (RSO). Tá go leor múinteoirí ag plé le líon beag scoláirí agus moltar croífoireann a chur le chéile láithreach a bheidh in ann an tacaíocht is fearr a chur ar fáil do scoláirí aonair ag teacht leis an dea-chleachtas luaithe in imlitir 0014/2017.

Ar an iomlán, déantar freastal maith ar fholláine na scoláirí. Tá próiseas aistrithe ón mbunscoil an-éifeachtach i bhfeidhm agus faigheann scoláirí leibhéal ard tacaíochta ó thaobh sealbhú na teanga de ar theacht chun na scoile dóibh. Tá córas éifeachtach tréadchúraim i bhfeidhm faoi chúram na múinteoirí ranga. Tá fianaise ann ó na ceistneoirí a dáileadh ar scoláirí, le linn na meastóireachta, a léiríonn go bhfuil tacaíocht an-mhaith ar fáil dóibh. Tá an soláthar cuí ann do mhúineadh Oideachais Sóisialta Pearsanta agus Sláinte agus Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) sa tsraith shóisearach ach níl OCG ar fáil do na ranganna sa tsraith shinsearach, mar a luaitear in imlitir

0023/2010, agus ní mór aghaidh a thabhairt air seo láithreach ó thaobh oiliúint foirne de agus soláthar an chláir.

Léiríodh leibhéal sástachta an-ard le clár na hIdirbhliana idir thuismitheoirí agus scoláirí. Tá treoirghairm agus seirbhís chomhairleoireachta an-mhaith ar fáil do scoláirí. Tugtar aitheantas d'éachtaí agus obair ghinearálta na scoláirí ag oíche ghradaim ag deireadh na bliana.

Tá rialacha soiléire i bhfeidhm do scoláirí. Leagadh béim bhreise ar chur i bhfeidhm riail na Gaeilge agus rialacha maidir le tinreamh agus poncúlacht ó thús na scoilbhliana seo. Tuairiscíodh go bhfuil feabhas mór ina leith seo ó cuireadh i bhfeidhm na treoracha nua. Is dúshlán leanúnach é cur chun cinn na na Gaeilge mar theanga chumarsáide idir scoláirí lasmuigh den seomra ranga ach breathnaíodh go raibh an Ghaeilge á labhairt go minic go nádúrtha idir scoláirí le linn na meastóireachta agus tugtar aitheantas don dea-chleachtas seo. Tá an Gaelbhhratach bainte amach ag an scoil le blianta beaga anuas, obair a bhfuil na scoláirí agus comhairle na scoláirí rannpháirteach inti. Leagtar an-bhéim ar dheiseanna sóisialta trí Ghaeilge a chur ar fáil do scoláirí trí cheiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge, turais Ghaeltachta le haghaidh bliainghrúpaí áirithe agus obair an Ghaelbhhrataigh. Léiríodh dearcadh an-dearfach i leith na teanga i measc scoláirí le linn agallaimh leo aimsir na meastóireachta. Ag teacht le ráiteas misin na scoile, cothaítear poiblíocht dhearfach don teanga agus don scoil i measc an phobail ar bhonn leanúnach.

An eagraíocht a bhainistiú

Tá an bord bainistíochta thar a bheith tiomanta d'fhás agus d'fhorbairt na scoile. Tá baill an bhoird bródúil as an scoil agus as an bhfás ar na huimhreacha le blianta beaga anuas. Tá taithí leathan acu go léir ar oideachas agus ar ghaeloideachas ach go háirithe. Feidhmíonn an bord trí Ghaeilge le tacaíocht an BOOC, dea-chleachtas a thugann dea-shampla do phobal na scoile i gcoitinne. Tá cáilíocht obair an bhoird ag leibhéal maith ach níl aon phlean scoile ann faoi láthair. Is gá don bhord ceannaireacht a ghlacadh ar chur le chéile phlean scoile. Tá go leor de na heilimintí a bhaineann le plean scoile ann ach is gá iad a thabhairt le chéile anois maraon le plean forbarthach bunaithe ar bhogadh na scoile go dtí suíomh agus foirgneamh nua i 2020, agus príorachtaí eile forbartha atá aitheanta ag an mbord agus ag an mbainistíocht shinsearach.

Tá réimse polasaithe ar fáil ach tá uasdátú agus athbhreithniú le déanamh ar chuid acu. Tá polasaithe eile á ndréachtadh faoi láthair, ina measc polasaí ar úsáid inghlactha nuatheicneolaíochta, polasaí measúnaithe agus polasaí RSO. Níl aon phlean don OCG agus is gá ceann a chur ar fáil gan mhoill. Moltar liosta polasaithe maraon le dátaí faofa agus athbhreithnithe a chur le chéile agus é a bheith mar chuid den phlean scoile.

Is iad na príorachtaí atá aitheanta ag an mbord le haghaidh forbartha ná: pleanáil scoile, plean feabhsúcháin na scoile a athbhreithniú, athbhreithniú ar phostanna dualgais, coiste tacaíochta do scoláirí a bhunú, coiste teagaisc agus foghlama a athbhunú, cumarsáid dhigiteach a fheabhsú, tacaíocht do mhúinteoirí nua a fheabhsú agus clár tacaíochta don Ghaeilge a bhunú ag tógáil ar pháirtnéireachtaí le heagraíochtaí eile. Tá obair tosaithe ar ghnéithe éagsúla den obair seo ag an mbainistíocht shinsearach nuacheaptha cheana féin.

Tá an scoil lonnaithe faoi láthair idir dhá ionad atá 3.5 chiliméadar óna chéile. Tá scoláirí na céadbhliana in áit amháin agus an chuid eile den scoil lonnaithe sa phríomhfhoirgneamh ina bhfuil an scoil le blianta fada. Fás na scoile is cúis leis an dá champas agus níorbh fhéidir an chéad bhliain a lonnú san áit chéanna le cúpla bliain anuas. Cruthaíonn an taisteal idir an dá ionad agus aistear eile chuig na háiseanna corpoideachais dúshlán chasta don bhainistíocht shinsearach agus don fhoireann. Réiteofar na dúshlán seo nuair a bhogfaidh an scoil chuig láthair nuathógtha i 2020. Idir an dá linn, tá an bhainistíocht ar áiseanna agus acmhainní sa dá ionad ag leibhéal an-mhaith laistigh de na teorainneacha buiséid.

Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile

Tá an fhoireann oscailte agus tiomanta d'fheabhsú scoile. Go dtí seo, rinneadh obair ar fhorbairt na litearthachta i leith: aithint botúin chomónta, forbairt intinní foghlama ag tús ceachtanna, béim ar théarmaíocht chasta i nGaeilge, soláthar boscaí leabhar, scéim *Drop Everything And Read* (DEAR) sa dá theanga agus rinneadh cinneadh i mbliana díriú ar chumas labhartha na scoláirí sa chéad bhliain ionas go mbeidh muinín acu astu féin agus cur i láthair á dhéanamh acu ag teacht le forbairt scileanna na Sraithe Sóisearaí nua. Cé go bhfuil tús maith curtha leis an litearthacht sa dá theanga, tá scóip chun forbartha ann sa toadhcháil go háirithe mar a bhaineann sé le dul chun cinn na scoláirí a mheas.

Ghlac roinnt múinteoirí páirt sa tionscnamh *Forbairt* leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, chun tacú leis an uimhearthacht sa scoil. Anuas air seo, eagraíodh Seachtain Mata agus baintear úsáid as bogábhar Mata sa seomra ríomhaireachta. Cé go bhfuil roinnt straitéisí uile scoile i bhfeidhm maidir le forbairt na huimhearthachta, is réimse chun forbartha é leathnú straitéisí uimhearthachta trasna an churaclaim chun freastal ar riachtanais na scoláirí agus chun dul chun cinn a mheas.

Tá atmaisféar comhoibritheach oibre an-mhaith i measc na foirne. Bhíodh piarbhreathnadóireacht i bhfeidhm i measc na foirne agus tá sé i gceist é seo a fhorbairt arís i mbliana.

Léirigh ceistneoirí na múinteoirí dearcadh an-dearfach i leith na scoile. Spreagtar an fhoireann chun tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Tá forbairt foirne aitheanta mar phríoracht don bhainistíocht shinsearach agus don bhord, mar sin ba cheart go mbeadh an fhorbairt ghairmiúil foirne bunaithe ar thaighde ghníomhach agus ar riachtanais aitheanta na scoile.

Tá lámhleabhar do mhúinteoirí ar fáil. Tá seo le forbairt i mbliana agus tá córas foirmeálta meantóireachta i bhfeidhm ó thús na bliana. Fad is atá athbhreithniú ar siúl ar an lámhleabhar, moltar go gcuirfí eolas cuimsitheach ann maidir le litearthacht agus uimhearthacht, plean FMS na scoile, deachleachtais maidir le modhanna múinte agus modhanna measúnaithe. B'fhiú go mbeadh tagairtí ann freisin do dheachleachtais maidir le húsáid teicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC) mar áis luachmhar chun tacú le foghlaim na scoláirí.

Tá coiste tuismitheoirí láidir tiomanta bunaithe a chuireann tacaíocht luachmhar ar fáil don scoil. Is é an coiste a eagraíonn staidéar maoirsithe do na scoláirí maraon le hoícheanta eolais agus ócáidí sóisialta. Léirigh an coiste agus torthaí ó na ceistneoirí a dáileadh ar thuismitheoirí le linn na meastóireachta go raibh tuismitheoirí thar a bheith sásta ar an iomlán le caighdeán an oideachais agus an chúraim sa scoil.

Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt

Tá rólanna éagsúla á leagan amach ag an bpríomhoide agus ag an bpríomhoide tánaisteach dóibh féin bunaithe ar riachtanais agus príorachtaí na scoile. Tá scileanna comhlántacha acu beirt a chabhróidh leo pobal na scoile a ghríosadh agus a threorú i dtreo forbartha agus feabhsúcháin. Tá an bheirt tiomanta go hiomlán do chur i bhfeidhm gach gné den ráiteas misin agus d'fhorbairt oideachais ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge chomh maith le ceannaireacht a léiriú i dtaobh úsáid na Gaeilge agus cothú dea-thoil don teanga i measc an phobail i gcoitinne. Cuireann an príomhoide tánaisteach tacaíocht luachmhar ar fáil don phríomhoide. Tá tús fuinniúil fiúntach curtha le ré na bainistíochta nua.

Tá córas meánbhainistíochta soiléir i bhfeidhm agus clúdaíonn an fhoireann mheánbhainistíochta réimse an-leathan dualgas go héifeachtach. Tá athbhreithniú le déanamh ar na poist go luath, áfach, agus tabharfaidh an t-athbhreithniú sin deis don bhainistíocht rólanna tacaíochta agus ceannaireachta a thairmligeán do bhaill foirne i gcoitinne chun cumas foriomlán ceannaireachta na foirne a fhorbairt i gcomhthéacs na scoile a bheith ag fás.

Tá an chumarsáid idir an bhainistíocht shinsearach agus an bord bainistíochta an-mhaith ar fad. Coimeádtar an bord ar an eolas faoi gach gné d'obair na scoile. Ba cheart don bhord tuairisc scríofa ar obair an bhoird a chur ar fáil do phobal na scoile go rialta d'fhonn cúrsaí cumarsáide idir na páirtithe leasmhara go léir sa scoil a dheimhniú agus a láidriú.

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí

Thug údarás na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna*, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna*. Ag am na cigireachta, ní raibh an bord tar éis an polasaí um chaomhnú leanaí a fhaomhadh don scoilbhliain reatha ach rinneadh sin go gairid ina dhiaidh. Tá múinteoir ainmnithe chun freastal ar chúrsa inseirbhíse san OCG agus cuirfear na ceachtanna cuí ar fáil don tsraith shinsearach i mbliana.

2 CÁILÍOCHT AN TEAGAISIC AGUS NA FOGHLAMA

Torthaí agus Eispéiris na bhFoghlaimoirí

Bhí cáilíocht foriomlán an teagaisic agus na foghlama go maith, le roinnt ceachtanna ag leibhéal an-mhaith agus ceachtanna eile ina raibh scóip mhór chun feabhais iontu.

Tugadh spriocanna foghlama ag tús formhór na gceachtanna agus moltar an cur chuige sin. Níor breathnaíodh dul siar agus athbhreithniú ar bhaint amach na spriocanna sin ach i líon beag ceachtanna. Ní mór do mhúinteoirí athbhreithniú, ar cháilíocht na foghlama, a éascú d'fhonn a dtuiscint féin agus tuiscint na scoláirí a fhorbairt ar an bhfoghlaim agus ar shealbhú scileanna.

Sna ceachtanna ab fhearr cleachtais agus cur chuige, leag múinteoirí béim ar cheangal na hoibre leis an réamhfhoghlaim agus díriodh aird na scoláirí ar shaibhriú na Gaeilge. Míniú coincheapa nua i nGaeilge shimplí agus iarradh ar scoláirí focail agus frasaí nua a athrú le cinntiú go raibh na fuaimeanna nua i gceart acu. Baineadh úsáid as obair bheirte agus obair ghrúpa chun deis a thabhairt do scoláirí a bheith rannpháirteach agus lárnach ina gcuid foghlama féin. Tugadh deis do scoláirí a gcuid tuairimí a nochtadh agus a phlé sna ceachtanna ab fhearr cleachtais. Réimse mhór chun feabhais is ea cur chun cinn guth an scoláire sna ceachtanna. Is gá guth na scoláirí a fhorbairt agus a rannpháirtíocht ghníomhach i bpróiseas na foghlama a láidriú trí úsáid réimse modheolaíochtaí teagaisic agus cuir chuige éifeachtacha a thacóidh leis na haidhmeanna sin a bhaint amach.

Caitheadh a lán ama ag scríobh i gceachtanna áirithe, idir múinteoirí ag scríobh ar an gclár bán agus scoláirí ag scríobh ina gcóipleabhair. Ní mór breis bhéime a leagan ar fhorbairt scileanna cumarsáide agus urlabhra sa Ghaeilge agus aird chuí a dhíriú ar chúrsaí gramadaí agus foghraíochta. Ní mór do mhúinteoirí a bheith ag obair ar fheasacht teanga na scoláirí a shíneadh go ginearálta. Ba cheart go mbainfí úsáid as próiseas FMS na scoile chun dul i ngleic le cuid de na dúshláin seo.

Bhí éifeacht leis an bhfoghlaim sna ceachtanna inar ceanglaíodh an obair idir lámha le saol comhaimseartha na scoláirí agus nuair a tugadh seansanna dóibh naisc a dhéanamh idir an obair idir lámha agus comhthéacsanna foghlama eile. Tugadh faoi deara go raibh deis ag scoláirí ceisteanna a chumadh le cur ar a chéile i gceachtanna áirithe deachleachtas ar chóir a leathnú.

Breathnaíodh straitéisí don mheasúnú chun foghlama i gceachtanna áirithe ach is gá na cleachtais seo a aontú agus a leathnú i measc múinteoirí. Réimse chun feabhais is ea aiseolas foirmitheach a thabhairt i gcóipleabhair na scoláirí. Breathnaíodh aiseolas foirmitheach ar chaighdeán maith i líon beag cóipleabhar.

Tugadh suntas don dea-atmaisféar oibre sna seomraí ranga agus don dea-chaidreamh idir scoláirí agus múinteoirí. Cruthaíodh timpeallacht foghlama an-tacúil i gcásanna áirithe agus leagadh cuid de na seomraí ranga amach chun obair ghrúpa a éascú.

Rinneadh pleanáil chúramach do na ceachtanna a breathnaíodh ar an iomlán agus bhí luas maith leis na ceachtanna. Ní mór guth agus rannpháirtíocht an scoláire a bheith lárnach sa phróiseas pleanála ceachta amach anseo.

Baineadh úsáid theoranta as teicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC) i gceachtanna áirithe. Ní mór úsáid éifeachtach na teicneolaíochta a leathnú tuilleadh áfach, chun cur le heispéireas foghlama na scoláirí agus chun tacú le sealbhú eolais agus scileanna. Tá scóip ann chomh maith i go leor ceachtanna chun úsáid a bhaint as réimse níos leithne acmhainní teagaisc.

3 CUR I BHFEIDHM NA MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ ROIMHE

Ceannaireacht agus Bainistíocht

Tá roinnt mhaith dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm moltaí ó mheastóireachtaí roimhe seo. Fostaíodh múinteoir treoighairme. Rinneadh athbhreithniú ar na poist dualgais i ndiaidh an mheasúnaithe scoile uile deireanach. Tugtar deis do na múinteoirí ar fad na bliainghrúpaí agus leibhéal éagsúla a mhúineadh. Tá comhordaitheoir roinne ainmnithe ar na ranna ábhair difriúla. Tá scóip chun forbartha ann go fóill maidir le plean scoile a fhorbairt agus croífhóireann RSO a chruthú.

Teagasc agus Foghlaim

Roinntear dea-chleachtas teagaisc ag cruinnithe foirne, cur chuige a mholtar. Roinntear intinní foghlama leis na scoláirí ag tús na gceachtanna uile agus tá boird bhána ar leith in airde i ngach seomra ranga chun tacú leis an gcur chuige sin. Tá scóip chun feabhais ann go fóill maidir le guth agus foghlaim ghníomhach i measc scoláirí a láidriú.

4 PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS CUMAS D'FHEABHSÚCHÁN SCOILE

Próiseas Féinmheastóireachta na Scoile

Tá tús maith curtha le próiseas na féinmheastóireachta sa scoil. Leagadh béim ar fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta mar thús. Tá oscailteacht i measc na bainistíochta agus na foirne don phróiseas feabhsaithe scoile. Bheadh sé chun tairbhe na scoile agus dul chun cinn na scoláirí go mbeadh spriocanna intomhaiste leagtha síos mar chuid den phróiseas ionas gur féidir feabhsúchán a thomhais agus a cheiliúradh ar bhealach níos grinne.

Cumas na Scoile d'Fheabhsúchán

Tá acmhainn feabhsaithe na scoile ag leibhéal an-ard. Tá ard-leibhéal cumais sa bhainistíocht shinsearach chun foireann na scoile, na scoláirí agus na tuismitheoirí a ghríosadh agus a mhealladh i bpróiseas cuimsitheach feabhsúcháin.

Contanam Cáilíochta na Cigireachta

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa scoil agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile do gach réimse.

Leibhéal	Cur síos	Sampla de na téarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear <i>An-mhaith</i> áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo cáilíocht an tsoláthair ar a rinneadh meastóireacht <i>thar cionn</i> agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeáin soláthair.	An-mhaith; ar cháilíocht an-ard; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard. Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí an-suntasacha; thar barr
Maith	Úsáidtear <i>Go maith</i> áit inar léir go bhfuil na láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu níos treise ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh d'fhonn caighdeán <i>an-mhaith</i> a bhaint amach.	Go maith; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear <i>Sásúil</i> áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá na láidreachtaí sa mhéid ar a bhfuil meastóireacht á dhéanamh díreach níos treise ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian le cáilíocht na n-eispéireas foghlama agus ba chóir déileáil leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.	Sásúil; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear <i>Measartha</i> áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	Measartha; laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith sásúil; deacrachtaí ann; ní mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear <i>Lag</i> áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.	Lag; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Cuireann Bord Bainistíochta Gaelcholáiste Chiarraí fáilte roimh thorthaí na tuairisce seo.

Fáiltimid roimh an aitheantas go bhfeictear go bhfuil an tacaíocht d'ár scoláirí ag leibhéal anmhaith anseo i nGaelcholáiste Chiarraí.

Thosaigh ré nua i nGaelcholáiste Chiarraí i mí Lúnasa 2017 nuair a ceapadh bainistíocht nua ar an scoil. Cuireadh liosta cuimsitheach tosaíochtaí le chéile i gcomhairle le foireann theagasc na scoile. Tá an Bord Bainistíochta an-shásta leis an dtuairisc dearfach faoi Bhainistíocht, Cheannaireacht agus Fhoghlaim i nGaelcholáiste Chiarraí agus cuirfidh moltaí na tuairisce seo go mór leis an dea obair atá tosnaithe cheana féin.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Glacann an Bord Bainistíochta leis na moltaí agus cinnteofar go gcuirfear na moltaí ar fad ón dtuairisc i bhfeidhm go coinsiasach agus go críochnúil.

Cuireann Bord Bainistíochta na Scoile fáilte roimh na moltaí atá tugtha maidir le freagrachtaí an bhoird agus táid á gcur i bhfeidhm.

Ó chuairt na Cigireachta tá tús curtha le pleanáil chun an croí fhoireann RSO a laghdú agus beidh sé seo mar thosaíocht i gcónaí agus tráthchláir scoile á bpleanáil.

Mar pháirt d'ár bpróiseas FMS coimeádtar Modheolaíochta Teagasc, agus Lítearthacht agus Uimhearthacht mar chuid lárnach dár gcuid meastóireachta agus pleanála.

Tá pobal uile Ghaelcholáiste Chiarraí ag tnúth go mór leis an bhfoirgneamh nua i 2020. Tacóidh an háiseanna nua aimsire linn chun leanúint ar aghaidh ag soláthrú oideachais d'ardchaighdeán d'ár ndaltaí iontacha.

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Whole School Evaluation
Management, Leadership and Learning

REPORT

Ainm na scoile / School name	Gaelcholáiste Chiarraí
Seoladh na scoile / School address	Tobair Maigh Dor Trá Lí, Co. Chiarraí
Uimhir rolla / Roll number	70560K

Date of Inspection: 28/09/2017



This is the English translation of a report originally written in Irish. The original Irish version of the report is provided above.

Is aistriúchán Béarla é seo ar thuirisc a scríobhadh i nGaeilge ar an gcéad dul síos. Tá an bunleagan Gaeilge den tuairisc ar fáil thuas.

What is whole-school evaluation – management, leadership and learning?

Whole-School Evaluation – Management, Leadership and Learning reports on the quality of teaching and learning and on the quality of management and leadership in a school. It affirms good practice and makes recommendations, where appropriate, to aid the further development of educational provision in the school.

How to read this report

During this inspection, the inspectors evaluated and reported under the following headings or areas of enquiry:

1. Quality of school leadership and management
2. Quality of teaching and learning
3. Implementation of recommendations from previous evaluations
4. The school's self-evaluation process and capacity for school improvement

